Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 13

# Oifig na nOibreacha Poiblí

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 13, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 ar thuarastail agus ar chostais Oifig na nOibreacha Poiblí; ar sheirbhísí a riarann an Oifig sin, ar íocaíocht deontais áirithe agus ar aisghabháil caiteachais áirithe.

Déantar an toradh caiteachais a chur i gcomparáid leis na suimeanna a cheadaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2017, lena n-áirítear an méid de chaiteachas a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí- i-gcabhair don bliain.

Tá farasbarr €4.63 milliún le géilleadh don Státchiste.

Feidhmíonn Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) mar ghníomhaire agus tabhaítear caiteachas thar ceann ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí eile. Tá an caiteachas a tabhaíodh thar a gceann leagtha amach i Nóta 6.4.

Tá an Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 6 ina gcuid den chuntas seo.

### Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a sholáthar chun feidhme agus an cuntas á ullmhú. Déantar cur síos thíos ar chásanna nár cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta chun feidhme.

***(a) Luacháil sócmhainní caipitil:***

Is mar seo a leanas a aithníonn Oifig na nOibreacha Poiblí luach talún agus foirgneamh:

- Cuireadh measúnuithe ar luach margaidh i bhfeidhm maidir le hionaid réadmhaoine nuair a bhí comparáid mhargaidh ar fáil.
- Rinneadh luacháil aonair ar ionaid réadmhaoine ardghradaim agus baineadh úsáid as modh luachála an chostais athsholáthair. Tá an costas atógála seo bunaithe ar rátaí margaidh a chur i bhfeidhm.
- Sa chás nach bhfuil comparáid mhargaidh ar fáil, déantar ionaid réadmhaoine a sealbhaíodh nó a ceannaíodh roimh 1 Eanáir 1995 nó a tógadh roimh 1 Eanáir 1997 a luacháil ar bhonn gnáthghnáis costais tógála agus luachanna barúlacha suímh a thugtar cothrom le dáta go rialta. Déantar ionaid réadmhaoine a ceannaíodh 1 Eanáir 1995 i leith nó a tógadh1 Eanáir 1997 i leith a luacháil ar a gcostas.

Tá na luachálacha faoi réir roinnt cáilíochtaí suntasacha agus níor cheart iad a mheas amhail meastachán reatha ar luach inréadaithe.

Ní aithnítear caiteachas caipitiúil i roinnt réimsí i Nóta 2.2 Sócmhainní caipitil mar seo a leanas:

- Níl caiteachas ar fhoirgnimh áirithe a fheabhsú san áireamh. Léireofar an t-athrú ar an luach ar an chéad dáta luachála eile.
- Níl aon luacháil déanta ar shéadchomharthaí náisiúnta ná ar ionaid náisiúnta réadmhaoine stairiúla.
- Féachtar ar oibreacha fóirithinte tuilte mar shócmhainní infreastruchtúir agus ní dhéantar iad a chaipitliú.
- Ní dhéantar caipitliú ar chaiteachas ar fhoirgnimh léasaithe a fheabhsú.
- Cuirtear obair ealaíne a sealbhaíodh i ndiaidh 1 Eanáir 2008 san áireamh sa ráiteas faoi shócmhainní caipitil faoin gceannteideal Daingneáin agus Feistis ar chostas stairiúil agus ní dhéantar athluacháil urthu. Níl obair ealaíne a sealbhaíodh roimh 1 Eanáir 2008 caipitlithe.

***(b) Dímheas***

Déantar sócmhainní fearas agus innealra a dhímheas de réir modh na líne dírí thar a saolré mheasta fhónta, idir cúig bliana agus 20 bliain, lúide luach iarmharach.

Ní dhéantar dímheas ar shócmhainní Saothar Ealaíne ná Oidhreachta.

Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas ar an mbonn gur leor caiteachas leanúnach bliantúil ar chothabháil chun a mbail a choinneáil.

***(c) Sócmhainní caipitil á bhforbairt***

Déantar caiteachas ar ionaid réadmhaoine atá ann cheana féin agus ar leis an OOP é, a chuirtear i gcrích faoi fhotheideal B6 (oibreacha nua, athruithe agus breiseanna), a chaipitliú faoina chatagóir sócmhainní ábhartha sa bhliain ina dtabhaítear an caiteachas ach amháin i gcás na n-eisceachtaí a leagtar amach thuas áit nach n-aithnítear caiteachas caipitiúil mar shócmhainn chaipitil. Cuirtear caiteachas caipitiúil ar fhorbairtí nua a chuimsíonn tréimhsí cuntasaíochta éagsúla san áireamh mar shócmhainn chaipitil á forbairt agus aistrítear é go dtí an chatagóir sócmhainní ábhartha nuair atá sé críochnaithe.

***(d) Íocaíochtaí léasa réadmhaoine***

Aithníonn an OOP íocaíocht le haghaidh earraí agus seirbhísí nuair atá na hearraí nó na seirbhísí curtha ar fáil go sásúil, nuair atá a gcuntas curtha faoina bhráid ag an gcliant agus nuair atá an t-ordú le haghaidh íocaíochta curtha i gcrích. I gcás comhaontuithe léasa réadmhaoine, bíonn an OOP sásta go bhfuil an dliteanas tagtha in aibíocht ach an tseirbhís a bheith curtha ar fáil agus an cíos a bheith dlite agus iníoctha. Má bhíonn deacrachtaí ann ó thaobh dlí nó comhlíonadh de, áfach, is féidir leis an OOP íocaíochtaí den sórt sin le soláthraithe a ghearradh ar an Vóta agus na cistí a aistriú go dtí fionraí.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím mo fhreagracht as a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Chathaoirleach. Ina theannta sin, ní féidir le córas rialaithe inmheánaigh airgeadais ar bith ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil na sócmhainní á gcosaint, go bhfuil na hidirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha ar bith a chosc nó go ndéanfaí iad a bhraith go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Chomhlíon mé mo dhualgais i ndáil le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhís chomhroinnte acmhainní daonna a sholáthar. Ó 1 Bealtaine 2017 i leith, tá bainistiú éileamh párolla agus taistil do ghráid na Státseirbhíse aistrithe go dtí an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

Braithim ar litir ráthaíochta ó Oifigeach Cuntasaíochta Vóta na Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialaithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte chuig an Oifig seo.

***An Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Dearbhaímse go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de:

- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun cliseadh suntasach ar rialú a thuairisciú agus chun beart ceartaitheach cuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh
- tá doiciméadú déanta ar na nósanna imeachta i ndáil le gach príomhphróiseas gnó
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Admhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgais agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go sonrach

- go bhfuil córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- go ndéanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú rialta ar tuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcoinne réamh-mheastachán
- go bhfeidhmítear córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig
- go bhfuil córais ann ina ndírítear ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí um rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann
- go bhfuil Creat um Rialachas Corparáideach don Oifig i bhfeidhm.

***Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Oifig ag a bhfuil pearsanra oilte, a oibríonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais dá bhfuil an Oifig nochta bun taca faoina hobair agus tá a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Is é is aidhm leis na pleananna seo na príomhrialaithe a chumhdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanann mise agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm moltaí a eascraíonn ó thuarascálacha maidir leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhríoscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá le sárú ag an oifig agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádáil déanta orthu de réir tábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár seo ar bhonn bliantúil. Baintear leas as toradh na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialaithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialaithe a shannadh ar bhaill foirne sonracha.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl go tráthúil dóibhsean atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh chomh maith leis an mBord Bainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialaithe bainteacha aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialaithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Cuireann obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí sa laistigh den oifig atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil an obair mhonatóireachta agus athbhreithnithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh ar an eolas.

***Neamhchomhlíonadh Rialacha Soláthair***

Cinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas agus earraí agus seirbhísí á gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha. In 2017, chomhlíon an Oifig na treoirlínte soláthair cé is moite d’íocaíochtaí arbh fhiú €811,764 ar an iomlán iad mar a leagtar amach thíos:

- Seacht gconradh arbh fhiú €486,834 ar an iomlán iad i dtaca le hobair speisialaithe phráinneach a bhain le cúrsaí slándála. Tá creat-chomhaontuithe le haghaidh na seirbhísí ábhartha fós le críochnú.
- I gcúig chás bhain conarthaí arbh fhiú €324,930 iad le seirbhísí a fháil ó sholáthraí aonair nó ó chonraitheoir ag a bhfuil saineolas speisialtóra.

Chuir an Oifig sonraí faoi na conarthaí eisceachtúla sin ar fáil mar chuid d’fhaisnéis i dtaca le 23 conradh ar fiú €1,864,026 ar an iomlán iad (gan CBL san áireamh) atá curtha san áireamh sa tuairisceán bliantúil i leith Chiorclán 40/2002 chuig Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

Sainaithníodh an tsaincheist rialaithe inmheánaigh airgeadais seo a leanas in 2017.

*Cíosanna infhála*

Rinneadh athbhreithniú inmheánach ar rialaithe bailithe cíosa in 2017. Sainaithníodh san athbhreithniú go bhfuil laigí ar na rialaithe. Na príomhchúiseanna leis sin ná scála agus éagsúlacht na punainne agus nach bhfuil aon chlár lárnach ann ina mbeadh gach comhaontú léasa agus gach comhaontú ceadúnais. Cuireadh clár lárnach comhaontuithe léasa i bhfeidhm tar éis an athbhreithnithe.

**Maurice Buckley**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Oifig na nOibreacha Poiblí

17 Meán Fómhair 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poibli don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poibli don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***An bonn faoi mo thuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le hOifig na nOibreacha Poibli agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

***Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair***

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2017.

***Ag tuairisciú faoi nithe a eascraíonn ón iniúchadh***

Tagraíonn Caibidil 6 de mo thuarascáil faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2017 do nithe áirithe eile a bhaineann le Vota 13 Oifig na nOibreacha Poibli.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2018

# Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí
# Cuntas Leithreasa 2017

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| A | Bainistíocht riosca tuilte | 75,044 | 75,099 | 80,127 |
| B | Bainistíocht punann eastáit | 319,287 | 319,180 | 311,360 |
| | **Ollchaiteachas** | **394,331** | **394,279** | **391,487** |
| | *Luíde* | | | |
| C | **Leithreasaí i gcabhair** | **29,264** | **33,847** | **32,685** |
| | **Glanchaiteachas** | **365,067** | **360,432** | **358,802** |

**Farasbarr**

Géillfear farasbarr an mhéid a soláthraíodh thar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm don Státchiste.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **4,634,977** | **5,746,074** |

**Maurice Buckley**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na nOibreacha Poiblí

17 Meán Fómhair 2018

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas chláir | | 350,262 | 349,696 |
| Riarachán – pá | | 35,976 | 33,175 |
| Riarachán – neamhphá | | 8,041 | 8,616 |
| **Ollchaiteachas** | | **394,279** | **391,487** |
| *Luíde* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **33,847** | **32,685** |
| **Glanchaiteachas** | | **360,432** | **358,802** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (4,669) | | |
| Diúscairtí airgead tirim | 574 | | |
| Dímheas | 4,389 | | |
| Gnóthachan ar dhiúscairtí | (103) | | |
| | | 191 | (41,444) |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 321 | | |
| Laghdú ar stoc | 184 | | |
| | | 505 | 5,228 |
| **Caiteachas díreach** | | **361,128** | **322,586** |
| | | | |
| Caiteachas ar sheirbhísí a soláthraíodh saor in aisce do ranna eile (seirbhísí comhghaolmhara) | | (163,606) | (126,988) |
| Caiteachas ar sheirbhísí nuair a fheidhmíonn an OOP mar chliant[1] | | (87,288) | (93,851) |
| **Caiteachas díreach** (gan seirbhísí comhghaolmhara ná seirbhísí nuair a fheidhmíonn an OOP mar chliant san áireamh) | | **110,234** | **101,747** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit** | | | |
| Vóta 12 – Aoisliúntas agus liúntais scoir | | 23,047 | 18,780 |
| **Glanchostas an chláir[2]** | | **133,281** | **120,527** |

[1] Laghdaíodh figiúr an chaiteachais dhírigh €87.3 milliún arb ionann é agus an glanchostas ar sheirbhísí caipitil agus reatha nuair a dhéanann nó a mhaoiníonn an OOP oibreacha áirithe thar ceann an Stáit (e.g. cothabháil draenála €5.1 milliún, faoiseamh ó thuilte €42 milliún, cothabháil ionad réadmhaoine oidhreachta €12.8 milliún, deontais le haghaidh oibreacha áirithe athchóirithe €0.5 milliún, íocaíochtaí don Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath €24.3 milliún). Ní cuid de chostais reatha an OOP é costas na n-oibreacha agus na ndeontas sin.

[2] Ní chuimsíonn an figiúr chostas oibríochta suim d´ioncam barúlach ná íocaíochtaí barúlacha.

- Meastar gurb ionann na measchíosanna atá infhaighte ag an OOP maidir le maoin faoi úinéireacht an Stáit agus tuairim is €80.5 milliún. Meastar gurb ionann na measchíosanna atá iníoctha ag an OOP agus €3.4 milliún.
- Níor áiríodh suimeanna san ráiteas i ndáil le measioncam ó ranna cliaint i ndáil le seirbhísí a sholáthraíonn an OOP saor in aisce faoi láthair.

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **3,326,934** | **3,328,288** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead | 2.3 | 32,628 | 31,232 |
| Stoic | 2.4 | 1,844 | 2,028 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.5 | 20,060 | 21,564 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,510 | 1,243 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 278 | 1,154 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **56,320** | **57,221** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 7,973 | 8,698 |
| Ioncam iarchurtha | | 346 | 784 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 31,086 | 31,201 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.8 | 1,820 | 1,185 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **41,225** | **41,868** |
| **Glan sócmhainní reatha** | | 15,095 | 15,353 |
| **Glan sócmhainní** | | **3,342,029** | **3,343,641** |
| **Arna léiriú le:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.1 | **3,342,029** | **3,343,641** |

### 2.1 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 3,343,641 | 3,254,137 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Suim soláthraithe sa mheastachán | Cuntas | 365,067 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (4,635) | | |
| Vóta glan | | | 360,432 | 358,802 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | Nóta 1 | | 23,047 | 18,780 |
| Seirbhísí comhghaolmhara | Nóta 1 | | (163,606) | (126,988) |
| Seirbhísí cliaint | Nóta 1 | | (87,288) | (93,851) |
| Costas chláir ghlan | Nóta 1 | | (133,281) | (120,527) |
| Coigeartuithe[1] | | | (916) | 53,288 |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **3,342,029** | **3,343,641** |

[1] *Aírítear i gcoigeartuithe díscríobh ar ghlanluach de réir na leabhar ar shócmhainní caipitil níos lú ná €1,000 agus arb ionann é is €0.839 milliún, athluachálacha ar mhaoin sócmhainní gníomhaireachta luach €1.073 milliún a dhiúscairt arna chaipitliú de €0.4 milliún ag an OOP .*

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus forgnimh[1] | Fearas agus innealra | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Sócmhainní atá á bhforbairt[2] | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag1 Eanáir 2017 | 3,309,586 | 42,612 | 28,135 | 22,854 | — | 3,403,187 |
| Coigeartuithe[3] | — | (1,468) | (1,663) | (800) | — | (3,931) |
| Suimeanna Breise | 706 | 2,342 | 1,507 | 801 | 177 | 5,533 |
| Aistriú ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil | — | 41 | — | — | — | 41 |
| Diúscairtí | (498) | (1,744) | (791) | (190) | — | (3,223) |
| Athluacháil ar dhiúscairt | (1,073) | — | — | — | — | (1,073) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017 | 3,308,721 | 41,783 | 27,188 | 22,665 | 177 | 3,400,534 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir 2017 | — | 34,881 | 24,259 | 15,759 | — | 74,899 |
| Dímheas ar Choigeartuithe | — | (1,342) | (1,505) | (246) | — | (3,093) |
| Aistriú ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil | — | 36 | — | — | — | 36 |
| Dímheas don bhliain | — | 1,955 | 1,880 | 554 | — | 4,389 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (1,683) | (774) | (174) | — | (2,631) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2017 | — | 33,847 | 23,860 | 15,893 | — | 73,600 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | **3,308,721** | **7,936** | **3,328** | **6,772** | **177** | **3,326,934** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016 | 3,309,586 | 7,731 | 3,876 | 7,095 | — | 3,328,288 |

1 Mar a leagtar amach sa ráiteas faoi bheartais agus faoi phrionsabail chuntasaíochta, baintear úsáid as roinnt boinn luachála chun sócmhainní a luacháil. Tá líon na bhfoirgneamh agus an bonn luachála a úsáideadh leagtha amach thíos.

| **Luacháil** | **31 Nollaig 2017** | | **31 Nollaig 2016** | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon na bhfoirgneamh | €000 | Líon na bhfoirgneamh | €000 |
| Luach margaidh | 289 | 831,264 | 291 | 831,518 |
| Gnáthchostais tógála | 544 | 718,711 | 549 | 720,028 |
| Costas | 131 | 830,840 | 127 | 830,134 |
| Ionaid réadmhaoine ardghradaim (costas athsholáthair) | 11 | 927,906 | 11 | 927,906 |
| Ionaid réadmhaoine oidhreachta (luach neamhní) | 727 | — | 727 | — |
| **Iomlán** | **1,702** | **3,308,721** | **1,705** | **3,309,586** |

2 Ní áirítear i sócmhainní caipitil atá á bhforbairt tionscadail tógála ar tugadh fúthu faoi Fhotheideal B6 – oibreacha nua, athruithe agus breiseanna. Ní dhéantar caiteachas ar fhoirgnimh atá léasaithe a chaipitliú.

3 Baineann an figiúr coigeartaithe le costas agus dímheas carnach na sócmhainní caipitil a chosain níos lú ná €1,000 a bhaint.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Cuntas bainc tráchtála | 32,721 | 31,316 |
| Mionairgead | 12 | 10 |
| Orduithe gan íoc | (105) | (94) |
| | **32,628** | **31,232** |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Stoic innealtóireachta | 807 | 906 |
| Stoic iosta oidhreachta | 918 | 1,004 |
| Ábhair thógála | 48 | 56 |
| Páipéar agus stáiseanóireacht | 20 | 19 |
| Stoic ilghnéitheacha | 51 | 43 |
| | **1,844** | **2,028** |

## 2.5 Réamhíocaíochtaí

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Riarachán | 474 | 679 |
| Bainistíocht riosca tuilte | 15 | 2,224 |
| Bainistíocht punann eastáit | 19,571 | 18,661 |
| | **20,060** | **21,564** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna na ngníomhaireachtaí (Nóta 6.4) | 278 | 1,154 |

## 2.7 Iarmhéideanna eile sochair

| amhail an 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 1,081 | 1,034 |
| An Muirear Sóisialta Uilíoch | 266 | 308 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 896 | 927 |
| Cáin Iarchoimeádta ar Sheirbhísí Gairmiúla | 590 | 704 |
| Cáin Bhreisluacha | 3,698 | 4,193 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 231 | 213 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 11 | 13 |
| | 6,773 | 7,392 |
| Iarmhéideanna na ngníomhaireachtaí (Nóta 6.4) | 14,540 | 11,698 |
| Cuntas na n-oibreacha éagsúla | 1,224 | 1,279 |
| Bainistiú réadmhaoine | 4,989 | 6,119 |
| Fáltais ó réadmhaoin Stáit a dhíol | 84 | 916 |
| An scéim 'Céatadán le haghaidh Ealaíne' | 1,175 | 1,234 |
| Oidhreacht ilghnéitheach | 1,024 | 1,237 |
| Asbhaintí den phárolla atá á gcoinneáil i bhFionraí | 175 | 364 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 1,102 | 962 |
| | **31,086** | **31,201** |

## 2.8 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| amhail an 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 4,635 | 5,746 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (2,815) | (4,561) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **1,820** | **1,185** |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 32,628 | 31,232 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 278 | 1,154 |
| | 32,906 | 32,386 |
| **Creidiúnaithe:** | | |
| Dlite don Stát | (6,773) | (7,392) |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | (24,313) | (23,809) |
| | (31,086) | (31,201) |
| | **1,820** | **1,185** |

## 2.9 Ceangaltais

**a) Ceangaltais dhomhanda**

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 2,883 | 2,452 |
| Tionscadail chaipitil lena n-áirítear deontais | 117,250 | 115,779 |

Bhí ceangaltais gan íoc ag deireadh 2017 i ndáil le cíos maoine ar léas agus táillí seirbhíse gaolmhara – bheadh soláthar sonrach nó íostréimhse fógra i gceist le léasanna níos fadtéarmaí le haghaidh luathchríochnú de ghnáth. Níor áiríodh figiúirí do na ceangaltais sin sa chuntas seo ach meastar gurb ionann iad agus €100.2 milliún in 2018 (2017: €102 milliún).

**b) Mórthionscadail chaipitil**

Tabhaíodh caiteachas ar 11 mhórthionscadal leanúnach le linn 2017 ina rachaidh costas measta iomlán an tionscadail aonair os cionn €6.5 milliún. Mar seo a leanas sonraí ar na tionscadail seo:

| | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2016 | Caiteachas i 2017 | Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin[1] | Caiteachais iomlán measta le linn shaolré an tionscadail 2017 | Caiteachais iomlán measta le linn shaolré an tionscadail 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Bainistíocht riosca tuilte** | | | | | |
| Abhainn na Dothra (scéim abhann) | 8,999 | 3,117 | 2,384 | 14,500 | 12,500 |
| Inis Íochtarach | 16,996 | 496 | 1,155 | 18,647 | 18,645 |
| Bré | 35,810 | 4,875 | 500 | 41,185 | 41,000 |
| Port Láirge | 14,583 | 489 | 928 | 16,000 | 16,000 |
| Droichead na Bandan | 2,976 | 8,828 | 9,096 | 20,900 | 20,500 |
| An Sciobairín | 5,479 | 4,202 | 20,320 | 30,001 | 30,086 |
| Baile Chláir | 3,872 | 2,700 | 1,900 | 8,472 | — |
| Iomlán | 88,715 | 24,707 | 36,283 | 149,705 | 138,731 |
| **Bainistíocht punann eastáit** | | | | | |
| Teach Knockmaun | 8,897 | 128 | — | 9,025 | 9,023 |
| Miesach Plaza | — | 8,734 | 14,707 | 23,441 | — |
| Gailearaí Náisiúnta na hÉireann[2] | 7,717 | 974 | 500 | 9,191 | 8,717 |
| Teach Laighean | 188 | 947 | 13,050 | 14,185 | — |
| **Iomlán** | 16,802 | 10,783 | 28,257 | 55,842 | 17,740 |

[1] Tagraíonn na ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin do mheastachán an OOP maidir le costais chaipitil go cur i gcrích na dtionscadal.

[2] Áirítear anseo caiteachas ó vóta an OOP amháin. Tá an tionscadal á mhaoiniú freisin ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an Gailearaí Náisiúnta.

**Athruithe suntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gur athraigh na ceangaltais ilbhliantúla níos mó ná €500,000 ó 2016 go 2017.

| Cuntas | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh | Míniú |
|---|---|---|
| Abhann na Dothra (scéim abhann) | 2,000 | Léiríonn an buiséad athbhreithnithe costais obair bhreise a tháinig chun cinn lena n-áirítear an gá a bhí ann an scéim a chur in oiriúint do mhaoin a tógadh le linn na scéime. |

**c) Costais Chaipitil Tionscadal Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí**

| | Caiteachas Carnach go 31 Nollaig 2016 | Caiteachas in 2017 | Ceangaltais infhorfheidhmithe le dlí le comhlíonadh sna blianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán tuartha shaolré an tionscadail 2017 | Caiteachas iomlán tuartha shaolré an tionscadail 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath | 148,576 | 7,349 | 124,303 | 280,228 | 280,228 |

Léiríonn an caiteachas in 2017 aisíocaíocht chostas caipitil na sócmhainne, gan costas maoinithe na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí san áireamh.

# Nóta 3 Caiteachas de réir Fotheidil

## Anailís ar an gcaiteachas riaracháin

Léirítear sa nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus leagtar amach ann na cúiseanna a bhí le hathruithe suntasacha (+/- 25% agus €100,000). Tá caiteachas riaracháin cionroinnte ar fud na gclár, chun léiriú a thabhairt ar chostálacha an chláir iomláin.

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 35,049 | 35,976 | 33,175 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 1,511 | 1,540 | 1,562 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,187 | 1,039 | 840 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,532 | 1,433 | 1,423 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 4,931 | 2,785 | 3,142 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 1,103 | 944 | 1,008 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta, athbhreithnithe luach ar airgead agus beartais | 517 | 165 | 641 |
| viii | Seirbhísí Foilseacháin an Rialtais[1] | 170 | 135 | — |
| | | **46,000** | **44,017** | **41,791** |

[1] Rinneadh an caiteachas seo a aicmiú faoi Chlár B12 i 2016.

**Athruithe suntasacha**

*v* *Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €4.931 milliún, toradh: €2.785 milliún

Tháinig an sábháil chun cinn de bharr moill a bheith ann conradh a chur i bhfeidhm i leith Córas Bainistíochta Lánpháirtithe sa Láthair Oibre.

*vii* *Seirbhísí comhairleoireachta, athbhreithnithe luach ar airgead agus beartais*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €0.517 milliún, toradh: €0.165 milliún

Tháinig an sábháil chun cinn de bharr moill a bheith ann conradh a chur i bhfeidhm i leith Córas Bainistíochta Lánpháirtithe sa Láthair Oibre.

## Clár A Bainistíocht riosca tuilte

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | 8,737 | 8,718 | 7,686 |
| A.2 | Riarachán -neamhphá | 2,140 | 2,079 | 2,045 |
| A.3 | Ceannach fearas agus innealra | 2,150 | 2,167 | 2,106 |
| A.4 | Imscrúdú agus monatóireacht hidriméadrachta agus hidreolaíochta | 1,229 | 1,109 | 1,048 |
| A.5 | Bainistíocht riosca tuilte | 45,019 | 45,369 | 51,855 |
| A.6 | Cothabháil draenáil | 15,769 | 15,657 | 15,387 |
| | | **75,044** | **75,099** | **80,127** |

## Clár B Bainistíocht punann eastáit

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán – pá | 26,312 | 27,258 | 25,489 |
| B.2 | Riarachán –neamhphá | 8,811 | 5,962 | 6,571 |
| B.3 | Foireann tís an Uachtaráin | 874 | 801 | 874 |
| B.4 | Deontais le haghaidh oibreacha áirithe athchóirithe | 250 | 250 | 250 |
| B.5 | Ceannach láithreán agus foirgneamh | 980 | 1,031 | 3,169 |
| B.6 | Oibreacha nua, athruithe agus breiseanna | 53,530 | 52,847 | 55,189 |
| B.7 | Cothabháil maoine agus soláthairtí | 59,156 | 60,233 | 59,130 |
| B.8 | Cíosanna | 94,035 | 96,374 | 87,594 |
| B.9 | Táillí seirbhíse agus fóntais | 11,043 | 9,549 | 10,477 |
| B.10 | Íocaíochtaí aonadacha | 25,000 | 24,281 | 23,731 |
| B.11 | Seirbhísí oidhreachta | 39,296 | 40,594 | 38,737 |
| — | *Seirbhísí Foilseacháin an Rialtais* | — | — | *149* |
| | | **319,287** | **319,180** | **311,360** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €0.107 milliún níos lú ná mar a foráladh dó. Bhain €1.903 milliún de sin le caiteachas riaracháin, ba mar thoradh ar na nithe seo a leanas, de chuid is mó, iarmhéid €1.796 milliún an athraithe:

*B.8 Cíosanna*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €94.035 milliún, toradh: €96.374 milliún

Gála breise cíosa a bhain leis an léas ar Plaza Miesach an phríomhchúis a bhí leis an róchaiteachas €2.339 milliún. Mar gheall ar an am ar síníodh an léas, bhí an cúigiú gála cíosa, a rabhthas ag súil leis go mbeadh sé le híoc i gcaitheamh thréimhse bhuiséid 2016, le híoc in 2017 ar chostas €2.536 milliún.

*B.9* Táillí seirbhíse agus fóntais

Suim soláthraithe sa mheastachán: €11.043 milliún, toradh: €9.549 milliún

Ba mar thoradh ar tháillí seirbhíse agus íocaíochtaí fóntais gan a bheith réadaithe in 2017 agus ar chuíchóiriú ar spás le roinnt blianta anuas an tsábháil €1.494 milliún.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Cíosanna, táillí ceadúnais srl. | 3,040 | 4,637 | 3,607 |
| 2 | Bainistíocht imeachtaí agus áiseanna | 2,330 | 3,903 | 2,806 |
| 3 | Fáltais le haghaidh seirbhísí foilseacháin Rialtais | 630 | 631 | 710 |
| 4 | Aisghabhálacha i leith seirbhísí ar tugadh fúthu ar bhonn aisíocaíochta nó gníomhaireachta | 9,995 | 8,744 | 9,997 |
| 5 | Díolacháin ag séadchomharthaí náisiúnta agus ag maoine stairiúla | 1,250 | 1,371 | 1,448 |
| 6 | Táillí isteach ag séadchomharthaí náisiúnta agus ag maoine stairiúla | 6,520 | 10,214 | 7,487 |
| 7 | Ilghnéitheach, ag áireamh táillí, úis, diúscairtí, srl. | 2,320 | 1,643 | 3,679 |
| 8 | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair na seirbhíse poiblí | 3,179 | 2,704 | 2,951 |
| | Iomlán | **29,264** | **33,847** | **32,685** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd bhí leithreasaí i gcabhair €4.583 milliún níos mó ná an meastachán mar a tuaradh.

Leagtar amach thíos míniú ar na hathruithe:

1 *Cíosanna, táillí ceadúnais etc.*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €3.040 milliún, toradh: €4.637 milliún

Tharla an méadú €1.597 milliún mar thoradh ar bhriseadh a fháil ar bpionós deiridh ar chonradh crainn a fháil. Ina theannta sin, fuarthas €131,261 ón nGarda Síochána i leith talamh de chuid an OOP sa Teampall Mór, Co. Thiobraid Árann a thóg an Garda Síochána ar cíos ar bhonn gearrthéarmach sa tréimhse 2009 go 2013 ach nár íocadh leis an OOP go dtí Iúil 2017.

2 *Bainistíocht imeachtaí agus áiseanna*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €2.330 milliún, toradh: €3.903 milliún

Méadú nach beag ar líon na gcuairteoirí chuig Caisleán Bhaile Átha Cliath, Caisleán Chill Chainnigh agus Teach Bhaile an Chaisleáin an phríomhchúis a bhí leis an méadú €1.573 milliún. Ina theannta sin, bhí níos mó gnó ar siúl in ionaid chomhdhála.

4 *Aisghabhálacha i leith seirbhísí ar tugadh fúthu ar bhonn aisíocaíochta nó gníomhaireachta*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €9.995 milliún, toradh: €8.744 milliún

Bhain an t-easnamh €1.251 milliún le fadhb ama a raibh mar thoradh gur lú fáltais a bhí ann ón gCiste Árachais Shóisialaigh in 2017. Fuarthas airgead a bhí dlite in 2017 go luath in 2018.

5 *Díolacháin ag séadchomharthaí náisiúnta agus ag maoine stairiúla*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €1.250 milliún, toradh: €1.371 milliún

Ba mar thoradh ar mhéadú ar na táillí saoráide agus ar an teacht isteach ginearálta ag suíomhanna éagsúla an t-ardú €0.121 milliún.

6 *Táillí isteach ag séadchomharthaí náisiúnta agus ag maoine stairiúla*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €6.520 milliún, toradh: €10.214 milliún

Méadú ar an méid airgid a fuarthas ó táillí isteach ag Príosún Chill Mhaighneann (€0.662 milliún) agus ag suíomhanna eile (€0.953 milliún) na príomhchúiseanna leis an méadú €3.694 milliún. Ina theannta sin, tháinig méadú €0.924 milliún ar fháltais ó thionscnóirí turas i gcaitheamh na bliana.

7 *Ilghnéitheach, ag áireamh táillí, úis, diúscairtí, etc.*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €2.320 milliún, toradh: €1.643 milliún

Ba mar thoradh ar líon níos lú de mhaoin stáit a dhíol in 2017 an t-easnamh €0.677 milliún

8 *Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €3.179 milliún, toradh: €2.704 milliún

Ba mar thoradh ar athruithe ar rátaí agus bandaí na hasbhainte a bhaineann le pinsean an t-easnamh €0.475 milliún.

# Nóta 5 Líon agus Pá Fostaithe

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon na foirne ag deireadh na bliana** | | |
| (comhionann lánaimseartha) | | |
| Gráid shonracha na státseirbhíse | 674 | 636 |
| Gráid shonracha OOP | 1,037 | 968 |
| | **1,711** | **1,604** |

## 5.2 Pá

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Pá** | | |
| Gráid shonracha na státseirbhíse | 33,725 | 31,110 |
| Gráid shonracha OOP | 43,448 | 42,840 |
| **Liúntais d'ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise** | | |
| Gráid shonracha na státseirbhíse | 87 | 171 |
| Gráid shonracha OOP | 1,932 | 421 |
| **Ragobair** | | |
| Gráid shonracha na státseirbhíse | 27 | 66 |
| Gráid shonracha OOP | 3,108 | 3,016 |
| **Tinreamh breise, seal agus uainchlár** | | |
| Gráid shonracha OOP | 2,495 | 2,379 |
| **ÁSPC an fhostóra** | | |
| Gráid shonracha na státseirbhíse | 2,137 | 1,828 |
| Gráid shonracha OOP | 5,236 | 4,970 |
| **Pá iomlán** | **92,195** | **86,801** |

Áirítear san fhigiúr don phá iomlán pá i bhfotheidil cláir A.1, A.4, A.5, A.6, B.1, B.3, B.7, agus B.11 agus áirítear ann pá do 245 comhalta foirne breise sealadach agus séasúrach in 2017 (2016: 316 comhalta foirne).

## 5.3 Liúntais agus íocaíochta ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2017 | 2016 |
| | | | € | € |
| **Ard-dualgais, dualgais speisialta agus dualgais bhreise** | | | | |
| Gráid shonracha na státseirbhíse | 25 | 2 | 10,595 | 15,471 |
| Gráid shonracha OOP | 987 | — | 8,574 | 7,463 |
| **Ragobair** | | | | |
| Gráid shonracha na státseirbhíse | 19 | — | 8,380 | 8,994 |
| Gráid shonracha OOP | 1,005 | 75 | 37,831 | 49,605 |
| **Tinreamh breise, seal agus uainchlár** | | | | |
| Gráid shonracha OOP | 826 | 24 | 25,985 | 23,068 |
| **Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin** | | | | |
| Gráid shonracha na státseirbhíse | 4 | 1 | 10,075 | 10,689 |
| Gráid shonracha OOP | 1,031 | 226 | 39,991 | 50,922 |

## 5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Rinneadh ceathrar státseirbhíseach a bhí ar scor agus a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse a fhostú an athuair ar bhonn táillí ar chostas €158,827.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí

Ba é luach na ró-íocaíochtaí a bhí fós le híoc ar ais ag deireadh na bliana ná €28,490 (20 cás) (2016: €22,451, 29 cás). Tá plean aisghabhála airgid i bhfeidhm i ngach cás acu seo.

## 5.6 Scaoilíocaíochtaí

Cuimsíonn an figiúr pá €11,900 a íocadh i leith scaoilíocaíochtaí le beirt bhall foirne a bhí fostaithe mar bhaill foirne de chuid an Aire roimhe seo.

# Nóta 6 Ilgnéitheach

## 6.1 Cúiteamh agus costais dlí

| | Líon na gcásan na | Costais dlí a d'íoc an OOP | Costais dlí a bronnadh | Cúiteamh a bronnadh | 2017 Iomlán | 2016 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ó fhostaithe** | | | | | | |
| Éilimh dhíobhála pearsanta - a socraíodh in 2017 | 5 | 6 | — | 219 | 225 | 150 |
| - socraíodh i mbliain roimhe seo nó atá ar bun go fóill | 7 | 11 | 5 | — | 16 | 2 |
| **Éilimh ó dhaoine den phobal** | | | | | | |
| Éilimh dhíobhála pearsanta - a socraíodh in 2017 | 13 | 29 | 52 | 246 | 327 | 348 |
| - socraíodh i mbliain roimhe seo nó atá ar bun go fóill | 15 | 45 | 90 | — | 135 | 202 |
| Éilimh chaillteanais nó damáiste a socraíodh in 2017 | 10 | — | — | 14 | 14 | 11 |
| | | **91** | **147** | **479** | **717** | **713** |

## 6.2 Costais eadrána agus chomhréitigh

Áirítear le caiteachas in 2017 íocaíochtaí €4.880 milliún (2016: €12.718 milliún) a rinneadh le conraitheoirí agus daoine eile chun costais a chlúdach mar thoradh ar imeachtaí comhréitigh agus eadrána. Bhí 4 chás ann in 2017 (2016: 6). Áirítear sna figiúirí CBL táilli, dlí agus gairmiúla.

## 6.3 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Oifig páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh agus idir-réiteach conartha a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Táthar neamhchinnte faoi aon mhéid dliteanais iarmhír a d'fhéadfadh a bheith ann ná an tráth a dtarlódh sin.

## 6.4 Soláthar Seirbhísí Gníomhaireachta

I dteannta an chaiteachais ar Vóta 13, is amhlaidh a fheidhmíonn an OOP mar ghníomhaire, agus a thabhaíonn an OOP caiteachas, thar ceann ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais eile. Tá an maoiniú don chaiteachas seo curtha ar fáil don OOP ag an roinn/gníomhaireacht urraíochta agus léirítear é mar mhuirear ar chuntas an clianteagrais. Ba €84 milliún an caiteachas iomlán in 2017 agus ba iad na príomhréimsí caiteachais ná móroibreacha caipitil (€66.1 milliún); clár scoile (€4.2 mhilliún); oibreacha cothabhála (€3.1 mhilliún) agus léasú cóiríochta (€8.5 milliún).

**Cuntas seirbhísí gníomhaireachta**

| ag 31 Nollaig | **2017** |
|---|---|
| | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir | (10,559) |
| Íocaíochtaí | 84,011 |
| Fáltais | (87,714) |
| Iarmhéid deiridh | (14,262) |

## 6.5 Ús agus cúiteamh

Rinne an OOP íocaíochtaí ús pionóis agus cúitimh dar luach €25,132 ar an iomlán in 2017 faoin Acht um Íoc Pras Cuntas 1997 i ndáil le híocaíochtaí déanacha (2016: €15,873). B'ionann luach iomlán na n-íocaíochtaí a rinne an OOP i 2017 agus €365 milliún, agus bhí 83,322 íocaíocht inríofa ann san iomlán.

## 6.6 Calaois agus calaois amhrasta

| | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Mí-leithghabháil líomhnaithe airgid | — | 8 |

Tháinig cás amháin de mhí-leithghabháil líomhnaithe airgid chun cinn in 2016. Imscrúdaíodh an cás agus fuarthas an t-airgead mí-leithghabháilte, €7,500, ar ais. Briseadh an ball foirne seo de chuid an OOP as a phost.